


# RÁITEAS STRAITÉISE

## 2017-2020



An Roinn Airgeadais  
Department of Finance





# RÁITEAS STRAITÉISE

## 2017 - 2020



An Roinn Airgeadais  
Department of Finance

Clár an Ábhair >

- 3 Teachtaireacht ón Aire
- 5 Réamhrá an Ard-Rúnaí
- 7 Misean
- 8 Luachanna
- 11 Spriocanna
- 13 Na Príomhréimsí Dúshlán, Baoil agus Deise sa Timpeallacht Feidhmiúcháin
- 17 Beartaíocht maidir leis na Spriocanna Straitéiseacha
- 21 Struchtúr Eagrúcháin na Roinne
- 23 Forfheabhas ar Acmhainní
- 27 Gealltanais na Roinne Airgeadais faoin gClár don Rialtas Comhpháirtíochta (2016)

## Teachtairacht an Aire >

Seo Ráiteas Straitéise don Roinn Airgeadais i ndáil leis na blianta 2017-2020.



Tá cúrsaí eacnamaíochta ag dul ar aghaidh go tréan ar bhonn leanúnach anois. Tá breis fostaíochta á cruthú, rud atá tábhachtach, agus feabhas ar chaighdeán maireachtála dá bharr sin. Mar gheall ar an mbainistíocht stuama ar chúrsaí airgeadais le blianta beaga anuas, tá bonn curtha faoin téarnamh in Éirinn agus leanfaidh mise den chur chuige céanna i ndáil le gnóthaí airgeadais na tíre ionas gur féidir leis an Rialtas pleanáil a dhéanamh d'fheabhas breise i rith na mblianta seo romhainn, gur féidir le gnólachtaí infheistíocht a dhéanamh ar bhonn muiníne agus gur féidir leis an lucht íoctha cánach a bheith cinnte go bhfuil a gcuid airgid á chaitheamh ar bhealach stuama éifeachtach. Tiocfaidh an obair thábhachtach a dhéanann an Roinn ar chúrsaí beartais i rith na mblianta seo romhainn faoi scáth na ngeallúintí a leagtar amach sa Chlár don Rialtas Comhpháirtíochta. Trí oibriú go dlúth leis an Oireachtas, féachfar leis na polasaithe sin a chur i bhfeidhm arb é leas gach duine de shaoránaigh na tíre iad.

Tá borradh tréan faoi chúrsaí eacnamaíochta i gcónaí agus forás inmharthana á thuar go ceann na mblianta seo chugainn. Tá bonn níos treise faoin bhfostaíocht agus poist á cruthú ar fud earnálacha uile an gheilleagair. Tá an Roinn á thuar go mbeidh 50,000 duine sa bhreis i mbun oibre an bhliain seo chugainn (2018), anuas ar an 48,000 post a cruthaíodh i mbliana. Go deimhin, ó mheastar go dtiocfaidh an ráta dífhostaíochta faoi bhun 6 faoin gcéad an bhliain seo chugainn, táthar ag teannadh anois leis an gcás a mheastar a bheith ionann le iomlán fostaíochta

Tá feabhas ar ghnóthaí airgeadais poiblí ar aon dul leis an bhforás eacnamaíochta. Ní de thimpiste a tharla an téarnamh eacnamaíochta seo. Tháinig sé i dtreis de bharr bainistíocht stuama a dhéanamh ar chúrsaí airgeadais ar feadh blianta fada anróiteacha ar cuireadh bonn daingean faoi ó thaobh teacht isteach agus cúrsaí caiteachais araon. Ní foláir leanacht de na polasaithe sin lena gcinntítear an bonn treise a choinneáil fúinn agus an caiteachas a dhéantar a bheith ar leibhéal is féidir a sheasamh ar feadh na mblianta amach romhainn.

Tá ábhar nua dúshláin agus réimse nua deiseanna ag teacht chun cinn i bhfianaise feabhas áirithe a bheith ag teacht ar chúrsaí eacnamaíochta. Is é an toradh a thiocfaidh ón reifreann sa Ríocht Aontaithe maidir le ballraíocht san Aontas Eorpach an dúshlán is mó a bheidh le sárú ag an Rialtas. Tá ábhar dúshláin dosheachanta ag baint freisin le cúrsaí na timpeallachta go hidirnáisiúnta.

Sa tír seo féin, tá géarghá le soláthar breise tithíochta agus sinn ag féachaint leis an éileamh ar thithíocht sa réimse poiblí agus sa réimse príobháideach araon a shásamh. Agus déanfaimid an t-éileamh a shásamh san earnáil sin agus in earnálacha nach í.

Leagfaidh an Rialtas amach cúrsa lena gcinnteofar gurb é a chuirtear ar fáil le forás tréan leanúnach eacnamaíochta na hacmhainní is gá chun dul chun cinn sóisialta a thabhairt i gcrích, an uilechuimsitheacht a chun chun tosaigh, cothromaíocht agus seribhísí poiblí ardchaighdeáin a bheith ar fáil ag an uile shaoránach.

Leis an Straitéis don Roinn Airgeadais 2017-2020 beifear ag díriú ar thimpeallacht eacnamaíochta inmharthana a choinneáil ar bun, ar chúrsaí airgeadais poiblí a bheith ar bhonn daingean agus ar chúrsaí geilleagair a bheith cóir cothrom. Táim ag tnúth leis an obair i gcomhar le hoifigigh na Roinne i mbun na n-aidhmeanna a thabhairt i gcrích trí na réimsí móra dúshláin a shárú agus na deiseanna a thapú le treoir agus comhairle ó Ard-Rúnaí na Roinne, Derek Moran, agus a mheitheal dhúthrachtach.

Paschal Donohoe, TD  
An tAire Airgeadais



## Réamhrá >

Is cúis áthais domsa Ráiteas Straitéise na Roinne Airgeadais 2017-2020 a chur faoi bhráid an Rialtais.



Aghaidh a thabhairt chun cinn atá i gceist leis an straitéis trí bliana seo. Féachtar le talamh slán a dhéanamh den dul chun cinn atá déanta le blianta beaga anuas, leis na córais a chur ar bun a theastaíonn chun dul chun cinn breise a dhéanamh i gcúrsaí eacnamaíochta agus sóisialta agus na réimsí maolánacha is gá a chruthú ionas go seasfadh geilleagar na hÉireann ainneoin cúlú ar bith a thiocfadh ar chúrsaí eacnamaíochta ar fud an domhain.

Tá an t-ord tábhachta maidir le bearta leagtha amach ag an Rialtas. Rinneadh sin sa chaoi is go gcuirfí leis an dul chun cinn tréan atá déanta go dtí seo, go gcuirfí ar chumas gach duine de na saoránaigh páirt a ghlacadh sa téarnamh, go gcinnteofaí cothromaíocht níos fearr idir na réigiúin ó thaobh leibhéil beartaíochta, go dtarlódh feabhas maidir le seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán a chur ar fáil agus go mbeadh geilleagar na hÉireann níos buanseasmhaí in aghaidh a dtarlaíonn taobh amuigh den tír.

Leis an Straitéis seo, féachfaidh an Roinn leis an gcóimheas fiachas-OTI a choinneáil ag dul i laghad agus le fiachas ceannasach na hÉireann a bheith á rátaíl ar chaighdeán infheistíochta ag na gníomhaireachtaí móra rátaí creidmheasa go léir. Cuirfear straitéis fhioscach mheántéarmach an Rialtais i bhfeidhm maidir leis na leabhair a thabhairt ar an gcothrom ón uair a chuirtear san áireamh tionchar an timthriall eacnamaíochta ar chúrsaí airgeadais phoiblí.

Leanfaidh an Roinn den bhainistíocht i ndáil le hinfeistíocht an Stáit i gcóras baincéireachta na tíre agus oibreofar freisin ar mhaithe le hearnáil beo bríomhar seirbhísí airgeadais a chur chun cinn atá in acmhainn bonn treise a choinneáil faoin eacnamaíocht dáiríre.

Beidh an éiginnteacht maidir leis an gcuidreamh eacnamaíochta idir Éirinn agus an Ríocht Aontaithe tar éis fhágáil an AE don Ríocht Aontaithe ar cheann de na príomhréimsí dúshláin ag an Roinn i rith na mblianta seo romhainn.

Leanfaidh an Roinn den obair ar an leibhéal idirnáisiúnta d'fhonn tionchar a imirt ar an díospóireacht maidir le cáin corparáide agus rachfar i ngleic go tréan leis an dúshlán a bhaineann faoin dlí le rialú an Choimisiúin Eorpaigh maidir le cúrsaí státchabhrach.

I bhfianaise castacht breise agus síorathrú a bheith ag baint leis an timpeallacht polaitíochta, gnó agus idirnáisiúnta, tuigtear go soiléir an gá atá le breithmheas a thabhairt go rialta ar chúrsaí eagrúcháin, ar chórais agus ar acmhainní. Leanfar den bhéim ar scileanna ceannaireachta ar fud na Roinne a fheabhsú agus a fhorbairt ionas gur fearr is féidir linn feidhmiú mar dhaoine agus i meithleacha, go gcothaítear feidhmiúchán ar leibhéal níos airde agus go spreagtar dúthracht, díograis, comhoibriú agus rannpháirtíocht ghníomhach. Deimhneofar ar an gcaoi sin go mbíonn aon chuspóir amháin i gcoitinne ag an Roinn ar fad, bunaithe ar luachanna atá ag an bhfoireann ar fad, agus go mbíonn an Roinn éifeachtach, ardfheidhmeach, cumasach agus sochóirithe i ndáil le dúshláin straitéiseacha a shárú nuair a chuirtear romhainn iad agus go mbíonn béim i gcónaí ar na bearta is tábhachtaí.

Derek Moran  
Ard-Rúnaí

## Misean >

Is é misean na Roinne bainistíocht a dhéanamh ar chúrsaí airgeadais an Rialtais agus a bheith lárnach i mbun spriocanna eacnamaíochta agus sóisialta an Rialtais a bhaint amach le haird ar an gClár don Rialtas Comhpháirtíochta. Beidh ról ceannródaíochta againn ar an gcaoi sin i bhfeabhas a chur ar chaighdeán maireachtála ag saoránaigh uile na hÉireann.

## Luachanna >

Is den tábhacht, chun misean na Roinne a chomhlíonadh go rathúil, chun caighdeán ard comhairle a chur ar fáil do na hAirí agus don Rialtas agus chun ár gcuaspóirí a bhaint amach, go mbeadh sraith luachanna i gcoitinne againn. Tagann iompar faoi anáil na luachanna sin agus leagtar amach an cultúr atá ina bhonn treise faoin dícheall a dhéantar cuaspóirí a chomhlíonadh ar bhealach atá gairmiúil, éifeachtúil, cóir, cothrom.

**Tá an meon maidir le hionracas, oibiachtúlacht, neamhchlaontacht, oscailteacht, freagracht agus meas ina chód lena gcloíonn an Roinn leis agus tá siad ag teacht leis na caighdeáin sin, faoi mar a léirítear i gCód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse, sa Chód Eitice agus i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse, a leagtar ar gach Státseirbhíseach iad a shásamh. Ní mór don bhall foirne eolas a chur ar gach ceann de na cóid agus de na rialacha agus ar an reachtaíocht ar fad a dtagann an Státseirbhís faoina réir.**

An nós iompair lena múnlaítear cultúr na Roinne agus a gcuirtear leis an acmhainn oibriú go maith i mbun déileála le geallsealbhóirí seachtracha agus le geallsealbhóirí inmheánacha agus le foireann na Roinne féin:

## GNÓ SEACHTRACH

Muinín an phobail asainn a chothú le seirbhís ar ardchaighdeán agus dea-chumarsáid.

Na caighdeáin ionracais is airde a chur i bhfeidhm.

Cultúr láidir seirbhíse a chothú, a bheith mórtasach agus freagrach as ár gcuid oibre.

A bheith oscailte, sochomhairle agus sásta éisteacht le tuairimí daoine eile agus iad a mheas.

## GNÓ INMHEÁNACH

Comhoibriú a dhéanamh, eolas, acmhainní agus cumas a chur i gcomhar ionas go mbaintear spriocanna na Roinne amach

Anailís neamhchlaon a thabhairt ar cheisteanna, eolas agus fianaise a scrúdú go hoibiachtúil.

Timpeallacht dhearfach oibre a chothú ina gcuirtear ar chumas an lucht foirne cion tairbhe a dhéanamh.

Treisiú le cultúr ina bhfuil cúrsaí feidhmíochta ina gcionsiocair leis an obair.

Aird a thabhairt ar thionscnaíocht agus ar fheabhsú leanúnach.

Beart tionscanta a dhéanamh chun dul i ngleic le ceisteanna go forghníomhach, glacadh le haiseolas fóna ar mhaithe le feabhsú

## GNÓ LE COMHGHLEACAITHE

Caidreamh spreagthach fóna a chothú le comhghleacaithe.

Moladh de réir mar a thuilltear.

Rialacha agus coinníollacha a chur i bhfeidhm go seasta, cothrom, cóir

Gnáis acmhainní daonna a chur i bhfeidhm a chuidíonn leis an bhfoireann.

Meas a bheith ar rólanna chomhghleacaithe agus ar an gcion tairbhe a dhéanann siad.

## FOGHLAIM, FORBAIRT AGUS FEABHSÚ SEASTA

Cur leis an acmhainn scileanna le hoiliúint éifeachtúil agus trí chultúr na foghlama a chothú.

Daoine cumasacha den fhoireann a thabhairt chun cinn trí oiliúint a chur ar fáil dóibh.

Eolas agus scileanna nua a ghnóthú go leanúnach.

A bheith aireach maidir le hiompar agus le tréithe a theastaíonn chun ról a chomhlíonadh go héifeachtúil.

Lón foghlama a bhaint as taithí agus dul i bhfeabhas.

Tá an Roinn tugtha don oscailteacht agus don fhollasacht maidir le gach gné den obair. Tagann i gceist leis sin an bealach ina ndéantar an beartas a cheapadh agus an caidreamh a dhéantar leis an bpobal agus leis an Oireachtas i measc réimsí eile.

Táthar tugtha don bheartas a chur ar fáil ar bhealach chomh hoscailte agus is féidir agus i gcomhréir leis an dlí agus d'fhoilseacháin maidir le saothar staidéir teicniúil, athbhreithniú beartais agus ráitis, páipéir, tuarascálacha agus pleananna gníomhaíochta eile a ullmhaítear go himheánach a chur ar fáil go rialta tráthúil. Cabhraíonn caidreamh forleathan le geallsealbhóirí, le meithleacha machnaimh agus le saineolaithe eile le caighdeán na comhairle maidir le cúrsaí beartais a fheabhsú. Is mór a chuireann próisis chomhairliúcháin phoiblí leis an oscailteacht maidir le ceapadh beartais. Déantar maith maidir lena chinntiú go ndéantar roghanna beartais a mheas go cúramach ar bhealach lán eolais. Glacann an Roinn go fonnmhar le hiniúchadh, cibé an Iniúcháireacht Inmheánach atá i gceist, obair an Choiste Iniúcháireachta, gníomhaireachtaí athbhreithnithe sheachtraigh, comhlachtaí rialála, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, an tOireachtas nó an pobal féin.



Tá an Ráiteas Straitéise seo ag teacht leis an gcur chuige comharoibre a leagtar amach sa Chlár don Rialtas Comhpháirtíochta. Chuathas i gcomhairle leis na Ranna Rialtais ar fad agus leis an gCoiste Oireachtais maidir le hAirgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú agus tugadh a gcuid tuairimí san áireamh le linn an Ráitis Straitéise a ullmhú agus na spriocanna straitéise agus na pleananna gníomhaíochta a ghabhann leo a leagan amach i ndáil leis na blianta atá romhainn. Tugtar san áireamh freisin na bearta príomhthábhachta agus na gealltanais a luaitear sa Chlár don Rialtas Comhpháirtíochta, Plean Athnuachana na Státseirbhíse agus Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí, na Creata agus na Pleananna Gníomhaíochta agus na creatbheartais forghinearálta eile a bhaineann le hábhar. Ag teacht leis an Dualgas atá ar an Earnáil Phoiblí, tá an Roinn Airgeadais tugtha don phróiseas maidir le promhadh a thabhairt chun cinn i ndáil le cúrsaí buiséid agus beartais sa chaoi is go dtugtar an combhionannas chun cinn, go maolaítear cásanna bochtaineachta agus go dtreisiítear le cearta eacnamaíochta agus sóisialta.

Ag féachaint dúinn leis an misean a chur i gcrích, beidh an Roinn ag obair i rith na mblianta 2017-2020 chun na Spriocanna Straitéiseach seo a leanas a bhaint amach:

1

Timpeallacht maicreacnamaíochta inbhuanaithe agus cúrsaí airgeadais na tíre a bheith i riocht maith.

2

Geilleagar cothrom cóir a bhfuil earnáil airgeadais bríomhar, slán, dea-rialaithe ina bhunsíocair leis.

Tabharfar sin i gcrích trí chomhairle atá neamhspleách, neamhchlaonta chomh maith lena bheith lán eolais agus bunaithe ar bhonn fianaise a chur ar fáil do na hAíre agus don Rialtas faoin mbeartas is oiriúnaí maidir le cúrsaí cánach, buiséid agus seirbhísí airgeadais chun borradh a choinneáil faoi fhorás tréan eacnamaíochta. Déanfar freisin comhairle a chur ar fáil agus polasaithe a chur i bhfeidhm lena gcinntítear gur féidir córas airgeadais na hÉireann a oibriú ar bhonn seasta, inbhuanaithe, tráchtála.

Ní cuspóir ann féin an forás eacnamaíochta. Is modh atá ann chun fostaíocht a chruthú, dífhostaíocht a mhaolú agus caighdeán maireachtála atá cóir cothrom agus téarnamh sóisialta a thabhairt i gcrích ar bhealach a thugtar faoi deara i ngnáthshaol an duine, an teaghlaigh agus na comharsanachta ar fud na tíre mar gheall ar bhuanseasmhacht, ar fhorás agus ar chruthú postanna.

Leanfaidh an Roinn, thar ceann an Aire, i mbun caidrimh ar gach leibhéal le forais Eorpacha agus Idirnáisiúnta chun leas eacnamaíochta, airgeadais agus sóisialta na hÉireann a chur chun cinn.



## Na Príomhréimsí Dúshláin, Baoil agus Deise sa Timpeallacht Feidhmiúcháin >

Táthar ag feidhmiú i gcóras eacnamaíochta ar mór i gceist an domhandú ann. Go deimhin, tá eacnamaíocht an domhain níos fite fuaite de réir a chéile de réir mar atá na constaicí roimh thrádáil agus roimh shaorghluaiseacht caipitil agus lucht saothair á gcur ar neamhní de réir a chéile. Ó tá eacnamaíocht na hÉireann ar cheann de na córais is ceangailte atá le heacnamaíocht an domhain, fágann sin deiseanna móra agus ábhar dúshláin amach romhainn. Ní mór dúinn, ina fhianaise sin, dul in oiriúint go seasta síoraí ionas go gcinntítear go mbíonn Éire i gcónaí ina hionad tarraingteach maidir le beartaíocht eacnamaíochta lena mbaineann breisluach ard.

Is casta de réir a chéile an timpeallacht eacnamaíochta ina bhfuiltear ag feidhmiú. Gné shainiúil den domhandú is ea an deighilt agus an dealú breise trasna teorainneacha atá ag teacht ar chúrsaí táirgíochta; fágann cúrsaí teicneolaíochta agus tosca eile freisin gur minice ná riamh trádáil trasna teorainneacha i gceist le seirbhísí. Ó tharla córas eacnamaíochta na hÉireann ar an gcuid is oscailte ar domhan, tá deiseanna iontacha ag baint leis sin d'Éirinn, deis beartaíocht eacnamaíochta a athrú níos faide suas an slabhra luacha san áireamh.

Tá ábhar dúshláin i gceist chomh maith, agus ní hé is lú a ghabhann leis sin an iomaíocht ghéar a bhaineann le hinfheistíocht a tharraingt nuair is féidir a dhéanamh san iliomad áit. Ábhar baoil a tháinig i gcrích is ea socrú na Ríochta Aontaithe an tAontas Eorpach a fhágáil agus beidh an éiginnteacht maidir leis an gcaidreamh eacnamaíochta idir an dá réigiún ina ábhar mór dúshláin roimh an Roinn i rith na mblianta seo romhainn. Tagann ábhar dúshláin faoi leith i gceist leis an mBreatimeacht do na hearnálacha beaga dúchais i gcóras eacnamaíochta na hÉireann, talmhaíocht agus bia, turasóireacht agus gnéithe den déantúsaíocht san áireamh. Tá bearta tábhachtacha déanta againn cheana féin faoi Bhuiséad 2017 agus faoi Bhuiséad 2018 chun ullmhú don athrú agus beidh tábhacht mhór leis an mBreatimeacht maidir leis an straitéis eacnamaíochta fhadtéarmach a chuirtear de bhonn treise faoi bheartas stuama buiséid d'fhonn cur leis an mbuanseasmhacht eacnamaíochta an tráth ar géire an éiginnteacht mar gheall ar an mBreatimeacht agus nithe eile.

Tríd an obair i gcomhar le comhghleacaithe i Ranna agus i nGníomhaireachtaí eile Rialtais, in Éirinn agus i Misin thar lear, agus trí chaidreamh tairbheach oifigigh de chuid na Roinne le fóraim de chuid an AE agus fóraim idirnáisiúnta eile, déanfar cion tairbhe maidir le beartaíocht fhoriomlán an Rialtais i leith an Bhreatimeachta. Anuas ar an méid sin, cé go bhfuil tuar dóchais atá á lua maidir le borradh foráis ar fud an domhain, taobh amuigh de chás eisceachta suntasach na Ríochta Aontaithe, tá an forás sin á thuar tráth a bhfuil éiginnteacht níos mó ann maidir le cúrsaí beartais agus géarú ar theannas geopholaitíochta ag teacht chun cinn.

Tá ábhar breise dúshláin i gceist freisin, maidir le srianta acmhainne níos treise, de bharr an ráta téarnaimh a bheith níos tréine ná mar a measadh a bheadh agus an margadh saothair a bheith ag teannadh le lánfhostaíocht. Ina chomhthéacs sin, oibreoidh an Roinn ar mhaithe le baol go dtarlódh róbhorradh a thabhairt chun aire agus dul i ngleic leis na réimsí baoil sin.

Leanfaidh an Roinn den ról lárnach maidir le cobhsaíocht a thabhairt chun cinn - le polasaithe saindirithe buiséid, d'fhonn cur leis an gcaighdeán maireachtála in Éirinn agus, anuas air sin, trí acmhainn sábháilteachta agus maolúcháin a chothú in athuir ionas go bhféadann córas eacnamaíochta na hÉireann cúlú a sheasamh sa chás go dtarlaíonn sin in áiteanna thar lear. Tá barrthábhacht ina leith sin le béim leanúnach ó thaobh beartais ar na leibhéil ardaithe fiachais a ísliú agus, ar an gCuspóir Buiséid Mheántéarmach a bhaint amach, 'Ciste na Coise Tine' a chur ar bun a chuideodh le seasamh in aghaidh chúlú mífhabhrach an lá a dtiocfadh sin agus a chinnteodh seasmhacht fhadtéarmach maidir le cúrsaí airgeadais poiblí.

Tá fianaise doshéanta ar fáil go bhfuil bonn leathan seasmhach cánachais agus rátaí ísle cánach ar na modhanna is éifeachtúla trínar féidir bonn treise a chur leis an mbeartas cánachais faoi fhorás eacnamaíochta. Gné bhuntábhachtach de chóras gnó na hÉireann is ea an réimeas cánachais gnó a chuidíonn le fiontraíocht agus le cruthú fostaíochta. Beidh an Roinn chun tosaigh maidir leis an agóid dlí in aghaidh rialú an Choimisiúin Eorpaigh maidir le cúrsaí státchabhrach i gcás Apple. Rachfar i ngleic freisin leis an réimeas maidir le cúrsaí Státchabhrach agus an tionchar a bheadh aige sin ar pholasaithe agus ar ghnáis oibre maidir le cúrsaí cánachais.

Bíonn tábhacht chinniúnach i gcás chomhlachtaí beaga agus meánmhéide, maidir lena ndul i méid agus fostaíocht bhreise a chruthú, le teacht a bheith acu ar chreidmheas ar rátaí réasúnta. Oibreoidh an Roinn, in Éirinn agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, chun bearta a chur chun cinn a fhágann gur fearr an teacht a bhíonn ag earnáil na gcomhlachtaí beaga agus meánmhéide ar chreidmheas. Ar leibhéal na hEorpa, oibreoidh an Roinn ar mhaithe lena chinntiú go mbíonn de thoradh, inter alia, ar leasú na reachtaíochta, go mbrostaítear le hearnáil bhríomhar seirbhísí airgeadais a bhfuil d'acmhainn inti bonn daingean a chur faoin gcóras eacnamaíochta dáiríre.

Tá buntábhacht leis na rialacha fioscacha a chomhlíonadh ionas go gcinntítear go maireann an dea-chlú ar Éirinn, a saothraíodh go crua. Leanfaidh an Roinn de chomhairle a thabhairt agus den ghá atá leis na rialacha a chomhlíonadh go seasta leanúnach a chur in iúl agus de chaidreamh tairbheach a chothú ar leibhéal na hEorpa i ndáil leis an réimse seo.

Leanfaidh an Roinn den bhainistíocht a dhéanamh maidir le hinfheistíocht an Stáit sa chóras baincéireachta in Éirinn agus de chomhairle a chur ar an Rialtas maidir leis an gcaoi is fearr agus an sceideal is fearr chun cur chuig na diúscartha. Leanfaidh an Roinn den chaidreamh forbheartach le hearnáil na gcomhar creidmheasa maidir le moltaí Choiste Comhairleach na gComhar Creidmheasa (CUAC). Rachaidh an Roinn i gcaidreamh leis na forais éagsúla maidir le ceisteanna mórtábhachtacha i gcúrsaí eacnamaíochta agus airgeadais agus oibreofar freisin leis na comhlachtaí ábhartha chun a chinntiú go dtugtar príomhaidhmeanna an Rialtais – mar shampla cistíocht bhreise agus infheistíocht bhreise i bhforbraíocht tithíochta – i gcrích taobh istigh den tréimhse ama aontaithe.

Tá ról suntasach leis an Roinn maidir le gnóthaí idirnáisiúnta agus gnóthaí an AE agus déanann oifigigh de chuid na Roinne cás na hÉireann a chur in iúl ag fóraim éagsúla agus seasamh ar son leas na tíre iontu. Cuireann obair fhoireann na Roinne i mBuanionadaíocht na hÉireann ag an AE sa Bhruiséal leis an dícheall sin chomh maith le hobair na mball foirne atá ar iasacht i bhforais idirnáisiúnta, an Coimisiún Eorpach ina measc.

Tá leagtha amach go dtabharfaidh an Coimisiún Eorpach togra chun cinn maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (MFF) ón mbliain 2020 amach i mí Bealtaine 2018. Beidh an idirbheartaíocht maidir leis an tréimhse ó 2020 amach ar cheann de na réimsí oibre príomhthábhachta ag an Roinn.

Tugtar san áireamh leis an straitéis freisin na príomhréimsí dúshláin atá le sárú ag an Roinn go meántéarmach, ina measc cúrsaí déimeagrafaíochta maidir leis an lucht saothair, brú maidir le soláthar tithíochta, an baol go dtarlódh róbhorradh agus an baol a ghabhann le hathrú luath-thobann teicneolaíochta an tráth céanna a bhfuil castacht bhreise ag teacht chun tosaigh sa timpeallacht shíorathraitheach maidir le cúrsaí polaitíochta agus gnó agus le gnóthaí idirnáisiúnta a fhágann breis éiginnteachta ar an tréith is mó atá ag teacht i dtreis, agus an dóigh ina socrófar na hacmhainní airgid, foirne agus áitribh atá ar fáil againn chun aidhmeanna na Roinne a thabhairt i gcrích.

Bearthaíocht maidir leis na  
Spriocanna Straitéiseacha >

Tá straitéisí agus bearta gearrthéarmacha tugtha chun suntais a chuideoidh leis an Roinn beart a dhéanamh maidir leis na spriocanna straitéiseacha a thabhairt i gcrích go hiomlán. Ar na straitéisí nó na bearta éagsúla sin a chur i bhfeidhm, tiocfaidh toradh fiúntach maidir le gach cuspóir. Tá táscairí feidhmíochta sonraithe freisin mar shlata tomhais chun monatóireacht a dhéanamh ar a fheabhas a éiríonn leis na straitéisí. Leagtar amach na straitéisí, na torthaí measta agus na slata tomhais maidir leis an bhfeidhmíocht sna rannóga seo thíos. Déanfar na slata tomhais a mheas astu féin go neamhspleách agus i gcomórtas le gnáth-thorthaí san AE agus ar fud an domhain.

## SPRIOC STRAITÉISE

1

## TIMPEALLAIGHT MHAICREACNAMAÍOCHTA SHEASMHACH AGUS CÚRSAÍ AIRGEADAIS POIBLÍ I RÍOCHT MAITH

## TORTHAÍ

Ráta cothrom inbhuanaithe faoi fhorás eacnamaíochta a chuireann leis an ngeilleagar sóisialta

Córas daingean airgeadais poiblí lena gcomhlíontar na rialacha fioscacha

Ionad na hÉireann san AE agus go hidirnáisiúnta a chaomhnú agus a fheabhsú

Féichiúnas poiblí agus próbháideach a mhaolú

Deis a bheith istigh ar an margadh ar théarmaí fabhracha

Córas cánach inbhuanaithe atá éifeachtach cóir agus a shoirbhíonn don fhorás

Clú idirnáisiúnta níos fearr maidir le cúrsaí cánachais, cáin corparáide san áireamh

Ardú ar líon na nasc ceangail idir earnáil na gcomhlachtaí faoi úinéireacht intíre agus earnáil na gcomhlachtaí faoi úinéireacht eachtrach

## BEARTA CHUN AN SPRIOC STRAITÉISE A BHAINN AMACH

Beartas buiséid a chur i bhfeidhm a thagann le rialacha fioscacha na hEorpa agus na tíre seo, le próiseas sheimeastar an AE, agus le coinníollacha an AE maidir le Rialachas Eacnamaíochta

Polasaithe eacnamaíochta lena gcuirtear feabhas ar chaighdeán maireachtála, cobhsaíocht agus cruthú fostaíochta chun cinn agus comhairle a chur maidir le gach beartas chun infheistíocht a dhéanamh sa tsochaí le linn córas eacnamaíochta daingean inbhuanaithe a thabhairt i dtreis

Dul chun cinn i ndáil leis an gCuspóir Buiséid Mheántéarmach a bhaint amach agus a choinneáil ar bun ina dhiaidh sin

Athbhreithniú agus leasú a dhéanamh maidir le caiteachas cánachais i gcomhthéacs luathathraitheacht na timpeallachta d'fhonn an acmhainn iomaíochta a choinneáil agus chomh maith le cothroime

Cúlchistí teagmhasacha (ciste na coise tine) a chur ar bun ón tráth a dtugtar an buiséad ar comhordú

Leas na hÉireann i gcúrsaí eacnamaíochta agus airgeadais a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta

An leas is fearr a bhaint as na deiseanna a eascraíonn ón toradh a bhí ar reifreann na Ríochta Aontaithe maidir leis an AE agus an t-ábhar dúshláin a mhaolú oiread agus is féidir

Rannpháirtíocht éifeachtúil na hÉireann sna Forais Airgeadais Idirnáisiúnta agus le bancanna forbraíochta iltaobhacha a chinntiú

Monatóireacht a dhéanamh maidir le pátrúin agus ábhar baoil nua a thagann chun cinn agus comhairle a chur ar fáil ina leith

SLATA TOMHAIS  
Áirítear ar na táscairí feidhmíochta:

Feabhas ó thaobh feidhmíochta ar an margadh saothair

Ardú ar an OTI per capita, forás ó thaobh OTN, Dáileadh ioncaim

Díriú ar leibhéal inbhuanaithe ioncaim agus caiteachais a bhaint amach

Iarmhéideanna Rialtais a thagann leis na rialacha fioscacha

An toradh ar bhannaí rialtais na hÉireann i gcomórtas le bannaí na Gearmáine

An Treochlár um Iomaíochas Cánach Idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm

## SPRIOC STRAITÉISE 2

## GEILLEAGAR COTHROM CÓIR A BHFUIL EARNÁIL AIRGEADAIS ATÁ BRÍOMHAR, SLÁN DEA-RIALAITHE INA BHUNSIOCAIR LÉI


<p><b>TORTHAÍ</b></p>	<p>Timpeallacht atá cóiriúil maidir le fiontraíocht agus fostaíocht</p> <p>Tosca lena soirbhítear do thithíocht a chur ar fáil agus d'ardú ar an teacht isteach agus ar an rachmas ag teaghlaigh</p> <p>Teacht cothrom ar sheirbhísí rialtais lena gcuirtear bonn daingean fadtéarmach faoi fhorás inbhuanaithe</p> <p>Earnáil seirbhísí airgeadais faoi dhea-rialáil agus faoi mhaoirseacht éifeachtúil lena mbaineann acmhainn iomaíochta agus cobhsaíocht breise agus chuireann cosaint ar fáil do leas an tomhaltóra</p> <p>Forbairt leanúnach ar Éire mar rogha ionaid infheistíochta ag comhlachtaí seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta ón iasacht</p> <p>A dheimhniú go bhfaightear ar ais luach iomlán infheistíochta an lucht íoctha cánach i mbainc na hÉireann.</p> <p>Teacht a bheith ar fhoinsí cistíochta inbhuanaithe ó chomhair creidmheasa, ó bhainc agus ó fhoinsí seachas bainc, ionas go dtagann an téarnamh i gcrích i réimsí eile de chóras eacnamaíochta na hÉireann agus go dtéitear in oiriúint do na riachtanais a ghabhann le córas eacnamaíochta atá faoi athrú</p>
<p><b>BEARTA CHUN AN SPRIOC STRAITÉISE A BHAINT AMACH</b></p>	<p>Oibriú chun struchtúir agus gnáis atá éifeachtach críochnúil a choinneáil ar bun maidir le rialáil agus maoirseacht ar chúrsaí airgeadais i ndáil le soláthraithe seirbhíse faoi leith agus leis an modh ina dtéann comhlachtaí seirbhísí airgeadais i mbun gnó</p> <p>Cumarsáid forfheabhsaithe anonn agus anall le dreamanna eile den lucht ceaptha beartais, le lucht tionsclaíochta agus le tráchtairí i bhforais léinn in Éirinn agus thar lear</p> <p>Ceannródaíocht a dhéanamh maidir leis an dícheall il-Rannach agus an dícheall ilghníomhaireachtaí maidir le IFS 2020</p> <p>Bainistíocht stuama agus diúscairt stuama a dhéanamh i ndáil le scaireanna sna bainc agus a chinntiú go leanann NAMA de na haidhmeanna straitéiseacha a thabhairt i gcrích</p> <p>Bonn treise a chur faoi mhodhanna cistíochta maidir le tithíocht inacmhainne a chur ar fáil</p> <p>Bearta maidir le cuimsiú i gcúrsaí airgeadais a chur chun cinn d'fhonn a chinntiú go mbíonn teacht ag an uile dhuine ar sheirbhísí airgeadais</p> <p>Oibriú leis an mBanc Ceannais agus le NAMA d'fhonn cobhsaíocht airgeadais a chinntiú</p> <p>Cur chuige straitéiseach a thabhairt chun cinn maidir le seirbhísí baincéireachta agus íocaíochta an Rialtais</p> <p>Leanúint den mhaoirseacht maidir le ceapadh an bheartais chun creidmheas, cistíocht agus infheistíocht inmharthana a bheith ar fáil do theaghlaigh agus do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide inbhuanaithe agus infheistíocht a dhéanamh i gcomhlachtaí fiontraíochta na hÉireann agus i ngnéithe bonneagair</p> <p>Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh tras-Rialtais d'fhonn cur le líon na ndaoine a bhfuil soláthar pinsin á dhéanamh ina leith agus córas pinsin a thabhairt i gcrích atá níos simplí, comhleánach agus intuigthe i gcomhthéacs daonra atá ag dul in aois</p>
<p><b>SLATA TOMHAIS</b></p> <p>Áirítear ar na táscairí feidhmíochta:</p>	<p>An acmhainn iomaíochta, na leibhéil táirgíochta agus táscairí ábhartha eile arna meas de réir tagarmharcanna i gcomórtas le gnáthleibhéil idirnáisiúnta agus taobh istigh den AE</p> <p>Leibhéil inseasta maidir le fiachas pearsanta, morgáiste agus gnó agus na leibhéil creidmheasa agus cistíochta a bhíonn ar fáil do theaghlaigh agus do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide inbhuanaithe</p> <p>Moladh dearfach sa tráchttaireacht, sna tuairiscí agus sa mheasúnóireacht a dhéanann gníomhaireachtaí seachtracha, na meáin chumarsáide agus lucht gnó an domhain</p> <p>Infheistíocht in earnáil na seirbhísí airgeadais in Éirinn</p> <p>An toradh is fearr is féidir ar an infheistíocht in earnáil na baincéireachta agus sna sócmhainní</p>



## Struchtúr Eagrúcháin na Roinne >

Tá struchtúr eagrúcháin na Roinne bunaithe ar an bpríomhchúram maidir le comhairle faoi chúrsaí beartais a chur ar fáil don Aire agus ar an mbunchóras oibre a chur ar fáil atá de bhonn faoin ról sin. Níl an struchtúr eagrúcháin righin seasmhach, tarlaíonn a leasú agus a chóiriú de réir riachtanais agus bearta príomhthábhachtacha ar a dteacht chun cinn.

Is den bhuntábhacht maidir le riarachán cuí i ndáil leis na feidhmeanna a leagtar ar an Roinn go mbainfeadh soiléire le ról agus freagrachtaí dhaoine faoi leith. Cuireann an mheitheal ardbhainistíochta soiléire mar sin ar fáil.



## Forfheabhas ar acmhainní >

Le blianta beaga anuas, tá athruithe tugtha i bhfeidhm ag an Roinn d'fhonn Roinn nua-aimseartha proifisiúnta a thabhairt chun cinn le dearcadh chun cinn. Cuireadh acmhainní na Roinne in oiriúint, tugadh athleagan amach orthu agus rinneadh iad a fhorfheabhsú d'fhonn na spriocanna a chuirtear roimh an Roinn a bhaint amach. Leanfar ag treisiú agus ag neartú leis an dícheall sin ar cuireadh tús leis le linn ré feidhme an Ráitis Straitéise roimhe seo.

Is iad na daoine sa Roinn a thabharfaidh na spriocanna a leagtar romhainn i gcrích; is iad bun agus barr obair uile na Roinne iad. Díreofar ar fheabhas agus ar fhorbairt breise a chur ar scileanna agus ar acmhainn ceannaireachta ar fud na Roinne ionas gur féidir feidhmiú níos fearr inár ndaoine aonair dúinn agus inár meithleacha d'fhonn ardfheidhmíocht a bhaint amach agus dúthracht, díograis, comharoibriú agus ceangal gníomhach leis an obair a chothú. Beidh béim freisin ar an modh oibre a chur in oiriúint go leanúnach agus a fheabhsú ionas go dtagann an struchtúr eagrúcháin, freagrachtaí agus cúraimí, cúrsaí rialachais, cultúr, meon agus iompar na bhfostaithe, chomh maith le cultúr foghlama agus na próisis agus an teicneolaíocht chuí, le chéile ar bhealach a chuireann chun cinn na bearta a leagtar príomhthábhacht leo de réir straitéise.

Is iad na daoine sa Roinn a thabharfaidh an Ráiteas Straitéise i bhfeidhm; is iad bun agus barr obair uile na Roinne iad. Tuiscint, scileanna agus cumas na foirne, ag obair dóibh go neamhspleách agus ina meithleacha a thugann bearta príomhthábhachta agus aidhmeanna na heagraíochta i gcrích, agus tagann barr fiúntais de bharr a gcuid oibre. Leanfar den fhorbairt agus de na bearta a bhaineann leis an Straitéis Gnó Acmhainní Daonna 2016-2019 a chur i bhfeidhm le béim ar Cheannaireacht, ar Dhúthracht an Fhostaí, ar Bhainistíocht Pearsanra, ar fheabhsú na gcóras TE, ar Phleanáil Eagrúcháin/Lucht Saothair agus ar Fhoghlaim & Fhorbairt na hEagraíochta d'fhonn ár spriocanna straitéise a bhaint amach, ceapadh beartais den éifeacht agus fiúntas poiblí a chur ar fáil agus Dualgas na hEarnála Poiblí a chomhlíonadh, ar na modhanna seo a leanas:

- Leanfar de na scileanna agus den acmhainn ceannaireachta sa Roinn a fheabhsú agus a fhorbairt ionas gur féidir feidhmiú inár ndaoine aonair dúinn agus inár meithleacha chun Roinn Airgeadais atá ar scoth an domhain a chur ar fáil
- Cinnteofar go bhfágann an struchtúr eagrúcháin agus dáileadh na n-acmhainní gur féidir timpeallacht oibre sochóirithe an chomhair a thabhairt i gcrích is furasta a chur in oiriúint do riachtanais nua agus do na haidhmeanna gnó. Coinneofar leibhéal foirne, buiséid agus oiliúna na Roinne ar na leibhéil is gá.
- Leanfar den eolas, scileanna, tréithe agus saineolas a chur ar fáil do bhaill na foirne de réir mar a oireann don ról reatha atá acu, an tráth céanna a soirbhítear do dhul chun cinn ó thaobh slí gairme, d'fhorbairt phearsanta leanúnach agus do dheiseanna gairme.
- Leanfar ag cinntiú go ndéantar bainistíocht éifeachtúil i ndáil leis an bhfoireann ionas go dtugtar i gcrích an cumasc is fearr idir sláinte agus folláine, forbairt phearsanta agus feidhmíocht.
- Leanfar de thimpeallacht spreagúil oibre a chruthú ina bhfuil gach duine den fhoireann tugtha go hiomlán den chúram, meas ag an Roinn ar chion tairbhe agus ar dhúthracht gach duine den fhoireann ar son na heagraíochta agus meas ag baill na foirne ar an Roinn mar fhostóir.

Tá an Roinn tugtha i gcónaí den dúthracht leanúnach i ndáil le Plean Athnuachana na Státseirbhíse trína bhféachtar leis an acmhainn dul i ngleic le hábhar dúshláin reatha agus ionchais a neartú agus feabhas a chur ar leibhéal feidhmíochta na Státseirbhíse agus na mball foirne. Leanfar den bhéim phríomhthábhachta ar cheannródaíocht éifeachtúil agus ar rannpháirtíocht ghníomhach maidir leis an gclár athraithe sin a chur i bhfeidhm.

Tugtar aitheantas freisin do na Comhlachtaí agus do na hOifigí a thagann faoi choimirce an Aire agus na Roinne mar gheallsealbhóirí príomhthábhachta agus mar pháirtneírí straitéiseacha maidir le polasaithe cánach, eacnamaíochta agus baincéireachta a chur i bhfeidhm.

Leanfar den dea-rialachas corparáide a fheabhsú agus a chur chun cinn ionas gur fearr is féidir aidhmeanna na Roinne a thabhairt i gcrích ar bhealach proifisiúnta, cóir, cothrom.

Trí oibriú i gcomhar le hOifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO), leanfar leis an infheistíocht maidir leis an straitéis TEC a thabhairt i bhfeidhm a bheidh mar chionsiocair leis an gcumas déileáil le sonraí agus faisnéis mar shócmhainn corparáide, le meon nuálaíochta a thabhairt i dtreis agus le hathrú a chur ar na modhanna oibre ionas go ndéantar maith maidir le riachtanais an ghnó ó thaobh cuidiú le feidhmiú níos fearr i mbun cinntí a dhéanamh agus le fiúntas poiblí den éifeacht a thabhairt i gcrích. Oibreofar freisin le hOifig na nOibreacha Poiblí agus le tionóntaí eile d'fhonn a chinntiú go mbaintear an leas is éifeachtaí ar bhealach comhordaithe as na háiseanna fisiciúla atá oiriúnach don chuspóir agus go gcuirtear timpeallacht shábháilte oibre ar fáil. Leanfaidh an Roinn de mhaith a dhéanamh de na gealltanais atá leagtha amach sa Scéim Ghaeilge a foilsíodh. Oibreofar leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) d'fhonn córas baincéireachta caomhchóirithe a sholáthar agus a chur i bhfeidhm maidir le próiseáil a dhéanamh ar fháltais agus ar íocaíochtaí na Ranna/Oifigí Rialtais. Cuideofar leis an Oifig Comharsheirbhísí Náisiúnta (NSSO) maidir le córas bainistíochta airgeadais nua i ndáil le comharsheirbhísí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

# Gealltanais na Roinne Airgeadais maidir leis an gClár don Rialtas Comhpháirtíochta >

---

## Breithniú Réamhbhuiséid

- Leagtar na paraiméadair maidir lenar féidir a dhéanamh amach i Ráiteas an Earraigh (Aibreán)
- Na Tuarascálacha ar an Straitéis Cánach a chur i láthair (Iúil/Lúnasa)
- "Caiteachas Cánach" a thabhairt san áireamh leis an iniúchadh chomh maith le leibhéal na gníomhaíochta agus costais (Feabhra)
- Oifig Buiséid an Oireachtais agus Coiste nua Dála um Buiséad agus Airgeadas a bhunú (Leanúnach)

---

Rachfar i mbun caidrimh le húdaráis Eorpacha i dtaca leis an gcaoi a bpléitear ó thaobh an bhuiséid le forbairt nua tithíochta

Coinneofar faoiseamh breise cánach ar fáil do thiarnaí talún a ghlacann le tionóntaí atá ar liúntas breise cíosa agus HAP. Iarrfar ar an gCoiste Oireachtais um Thithíocht nua scrúdú a dhéanamh ar mholtaí maidir le faoiseamh cánach de chineálacha eile a bhfuil leagtha amach go spreagfaí leo soláthar níos fairsinge d'árais príobháideacha ar cíos do thionóntacht a mbeadh cúnaimh tithíochta de bhonn faoi agus léasanna níos fadtéarmaí, chomh maith le cuidiú le cóiríocht éigeandála mhéantéarmach breise a bheith ar fáil do theaghlaigh atá gan dídean. (Gníomh i rith an 100 lá Tosaigh)

---

Cuirfear deireadh le constaicí atá roimh sholáthar tithíochta príobháideach agus cuirfear tús le scéim maidir le tithíocht inacmhainne. Oibreofar le bainc na hÉireann, leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, leis an mBanc Ceannais agus le Ciste Infheistíochta Straitéiseach na hÉireann chun scéim cistíochta nua, 'Cuidiú le Tógáil', a thabhairt chun cinn faoina ndéanfaí tithíocht inacmhainne a fhorbairt san earnáil phríobháideach. (Gníomh de chuid Bhliain 1)

---

Seasfar le plean NAMA chun oibriú i gcomhar le lucht forbraíochta agus cistí a chur ar fáil dóibh chun 20,000 aonad cónaithe a chur ar fáil roimh dheireadh na bliana 2020. Ina ainneoin sin, i bhfianaise an scála a bhaineann leis an dúshlán atá le sárú maidir le cúrsaí tithíochta, beifear ag iarraidh ar NAMA athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean gnó agus á áitiú go bhféadfaí aidhmeanna níos airde a leagan amach maidir leis an méid tithíocht a chuirtear ar fáil. (Gníomh de chuid Bhliain 1)

---

Beifear ag súil, idir an dá linn, go leanfaidh NAMA ar aghaidh ag aontú íslíú cíosa le comhlachtaí beaga agus meánmhéide agus go ndéanfar comhoibriú leis an IDA chun an leas is fearr a d'fhéadfaí a bhaint as deiseanna nua infheistíochta tráchtála as punann na heagraíochta. (Leanúnach)

---

Go fadtéarmach, seasfar le húsáid a bhaint as an mbarrachas atá á thuar i gcás NAMA ón mbliain 2018 amach chun cistíochta a chur ar fáil don infheistíocht i ngnéithe nua bonneagair, cláir thithíochta inacmhainne san áireamh ionas go gcinntítear táirgeadh tithíochta ar leibhéal inbhuanaithe.

---

Seasfar le Ciste Infheistíochta Straitéiseach na hÉireann d'fhonn gnéithe bonneagair a bheith á gcur ar fáil a d'fhágfadh go bhféadfaí dul i mbun tithíochta a chur ar fáil i limistéir phríomhthábhachta ina mbeadh béim ar fhorbairt ar mhórsála. (Leanúnach)

---

Tuigtear dúinn an ról a d'fhéadfadh a bheith leis na Comhair Chreidmheasa maidir le gnóthaí airgeadais i ndáil le tithíocht. Aontaítear le hiarrachtaí Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa sa Bhanc Ceannais na srianta atá ar iasachtaí faoi láthair a fhuascailt de réir a chéile agus de réir mar is cuí, an chuid a bhaineann le tithíocht san áireamh. D'fhonn an ról a d'fhéadfadh a bheith ag gluaiseacht na gComhar Creidmheasa i bhforbairt tithíochta

nua a scrúdú, tiocfaidh an Roinn Airgeadais i mbun caidrimh le Conradh na gComhar Creidmheasa in Éirinn chun cuidiú leo a gcuid tograí tithíochta a fhorbairt. (Gníomh i rith an 100 lá Tosaigh)

---

Ag teacht leis na spriocanna reatha maidir le heasnamh a thabhairt isteach, iarrfar ar an Oireachtas an fiúntas a mheas a bhainfeadh le híslíú sonrach sealadach a thabhairt ar an ráta CBL ó 13.5% anuas go dtí 9% i gcás tithe agus árasáin nua inacmhainne, poiblí agus príobháideach araon, arna dhéanamh go miontráthúil chun an tionchar is mó a imirt ar an soláthar agus díriú den chuid is mó ar cheannaitheoirí tithe cónaithe inacmhainne. (Gníomh de chuid Bhliain 1)

---

Scéim ar aon dul le ‘Tionscnamh na Cathrach Beo’ a thabhairt isteach chun láir bailte agus sráidbhailte ar fud na hÉireann a athnuachan. (Gníomh de chuid Bhliain 1)

---

Athrangú a dhéanamh agus dreasacht a thabhairt isteach maidir le húsáid a bhaint as spás tearcúsáide nó folamh os cionn áitribh ar stór na sráide i mbailte móra, i ndáil le úsáid ar mhaithe le cónaí agus le tráchtáil araon. (Gníomh de chuid Bhliain 1)

---

Mar gheall ar an ábhar buartha atá ag teacht i dtreise i measc an phobail i dtaca le gnólachtaí seirbhísiú creidmheasa agus gnólachtaí réadmhaoine eile, iarrfar ar an mBanc Ceannais agus ar an gCoiste Oireachtais um Thithíocht scrúdú a dhéanamh ar an reachtaíocht a tugadh isteach anuraidh lenar cinntíodh go mbeadh an chosaint rialála chéanna ag lucht iasachta, ar díoladh a n-iasacht leis an tríú páirtí, tar éis an díolacháin agus a bhí roimh dhíol na hiasachta. Cuirfear cosaint níos fearr ar fáil do shealbhóirí morgáistí, do thionóntaí agus do chomhlachtaí beaga agus meánmhéide ar aistríodh a gcuid iasachtaí go dtí eintitis neamhrialáilte (‘creach-chist’). (Gníomh de chuid Bhliain 1)

---

Mar gheall ar na deacrachtaí a bhíonn ag ceannaitheoirí céaduaire teacht ar airgead morgáiste, tá brú breise á chur ar an margadh cíosa agus d’fhéadfadh sin a bheith ina bhac ar an téarnamh in earnáil na tógála maidir le hárais chónaithe. Beidh an Rialtas nua ag obair i gcomhar leis an mBanc Ceannais, mar chuid den athbhreithniú ar na teorainneacha a chuireann an banc le hiasachtaí morgáiste, d’fhonn scéim nua “Cuidiú le Ceannachán” a thabhairt chun cinn ionas go gcinntítear cistí leordhóthaineacha morgáiste ar chostas inacmhainne nó árachas morgáiste a bheith ar fáil ag ceannaitheoirí céaduaire de réir mar a bhíonn árais nua tithíochta á gcur ar fáil. (Gníomh de chuid Bhliain 1)

---

Tabharfar san áireamh san aighneacht a chuireann an Rialtais faoi bhráid an Bhainc Ceannais iarratas smaoineamh ar thástáil ‘acmhainn íocaíochta’ (m.sh. acmhainn íocaíochta cheannaitheoirí ionchasacha bunaithe ar an gcíos atá íochta acu le cúig bliana anuas a bheith inchurtha san áireamh i ndáil leis na rialacha a bhaineann le héarlais faoi láthair).

---

Níl sé inghlactha ó thaobh eitice go mbeadh bainc Éireannacha ag gearradh rátaí an-ard ar chustaiméirí atá ar ráta caighdeánach athraitheach. Déanfar gach rud is gá chun déileáil le rátaí arda úis athraithe, ar a n-áirítear cód iompair nua a chur ar bun, arna riar ag an mBanc Ceannais, maidir le soláthraithe morgáistí a mhalartú mar aon le foirm nua faoi leith, a bheidh éasca le húsáid agus caighdeánach a leagan amach don mhalartú.

---

Iarrfar freisin ar an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí oibriú in éineacht leis an mBanc Ceannais chun na roghanna a leagan amach atá ag an Rialtas maidir le struchtúr an mhargaidh, an reachtaíocht agus cúrsaí rialála ionas go n-ísleofaí an costas a bhíonn le hiasachtaí urraithe morgáiste agus go mbeadh feabhas ar ghéire na hiomaíochta agus ar oiread na cosanta don tomhaltóir. (Gníomh de chuid Bhliain 1)

---

Aontaítear le bearta rialála an Bhainc Cheannais i dtaca le táirgí morgáistí le ngabhann ‘cothromas diúltach’ a chuireann ar chumas úinéirí tithe cónaithe aistriú as áras an tráth a bhfuil cothromas diúltach ag gabháil leis. (Leanúnach)

---

Aontaítear go bhfuil gá le forbheartas baincéireachta a thabhairt chun cinn lena spreagfar comhlachtaí nua ar an margadh agus bríomhaireacht in earnáil na baincéireachta chomh maith le hiomaíocht dáiríre ionas gur mó na roghanna a bhíonn ag sealbhóirí morgáiste. (Leanúnach)

---

Oibreofar leis an mBanc Ceannais chun an Cód Iompair maidir le Riaráistí Morgáiste a leasú ionas go dtugtar san



áireamh é a bheidh de dhualgas ar sholáthraithe creidmheasa morgáiste réimse seifteanna inmharthana a chur ar fáil i gcás riaráistí. Cuirfear bonn reachtaíochta faoin gCód Iompair seo

---

Maoiniú a chur ar fáil maidir le feachtas eolais d'fhonn rannpháirtíocht sa phróiseas comhréitigh nua a chur chun cinn

---

Coinneofar freisin, ar bhonn barrchaolaithe, an faoiseamh ar ús morgáiste ar bun níos faide ná an dáta deiridh i mí na Nollag 2017 atá leagtha amach faoi láthair.

---

D'fhonn muinín a choinneáil i gcúrsaí geilleagair agus an tír a chosaint ar réimsí baoil idirnáisiúnta atá ag dul i méid, leanfar den dúthracht maidir leis na rialacha fioscacha náisiúnta agus rialacha an AE a chomhlíonadh go hiomlán faoi mar a leagtar síos faoin dlí. Trí chloí leis na rialacha sin agus forás seasta eacnamaíochta a thabhairt i gcrích, cuirfear deireadh le fuilleach easnaimh an Rialtais faoin mbliain 2018, agus coinneofar cúrsaí airgeadais poiblí ar an gcothrom tríd is tríd as sin amach.

---

Lena chois sin, bunófar ciste le haghaidh na coise tine.

---

Chun díriú ar riachtanais nach bhfuil réitithe, tabharfaimid isteach buiséid lena mbainfidh cóimheas 2:1 ar a laghad caiteachas poiblí le laghduithe cánach. Ar an dóigh sin, déanfaidh an Rialtas – ag teacht leis an bhforás atá á thuar ag an am agus ag cloí leis na rialacha fioscacha - oibriú i gcomhar leis an Oireachtas chun €6.75 billiún sa bhreis ar a laghad, i gcomparáid leis an mbliain 2016, a chaitheamh ar sheirbhísí poiblí a chur ar fáil faoin mbliain 2021, agus tabharfar san áireamh:

- An costas a bhaineann le daonra atá ag dul in aois agus ag méadú
  - Bearta feabhais faoi leith maidir leis na seirbhísí poiblí, agus béim ar chúrsaí sláinte, oideachais, míchumais, forbairt linbh agus chúram linbh
  - Bearta feabhais faoi leith maidir le híocaíochtaí leasa le daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, daoine breoite agus cúramóirí, i measc dreamanna eile
  - Ardú inmharthana maidir le pá agus pinsean sa tseirbhís phoiblí
- 

Coinneofar lena chois sin bonn leathan faoi cháin agus faoi ioncam, an tráth céanna a n-íslítear an ráta cánach ar obair agus ar roinnt gníomhaíochtaí eile chun cuspóirí sóisialta agus eacnamaíochta faoi leith a bhaint amach, mar shampla lán fostaíochta, breis tithíochta, athnuachan ar limistéir uirbeacha agus ar limistéir tuaithe. Tiocfaidh aon dreasacht nua cánach faoi réir ag anailís maidir le costais is tairbhe, ag comhairliúchán poiblí agus ag díospóireacht san Oireachtas.

---

Ní bheifear ag brath ar fhoinní guagacha neamhchinnte maidir le maoiniú a dhéanamh ar ardú buan ar an gcaiteachas poiblí. Déanfar ísliú ar rátaí pearsanta cánach - ar nós deireadh a chur de réir a chéile leis an USC - a bhfuil gá leo chun luach saothair a thabhairt ar obair agus treisiú le fiontraíocht agus le fostaíocht (féach thíos), a mhaoiniú ar an mórgóir trí:

- Ioncam breise mar gheall nach ndéanfar innéacsú ar chreidmheasanna cánach agus ar bhandaí pearsanta
  - Deireadh a chur le creidmheas cánach ÍMAT do dhaoine ar thuarastal ard mar aon le beartais eile chun a chinntiú go mbíonn an córas cánach cóir forásach i gcónaí
  - Dleachtanna máil níos airde a chur ar thoitíní mar aon le beartaíocht breise forfheidhmiúcháin agus smachtbhannaí maidir le toitíní a iompórtáil agus a dhíol go mídhleathach
  - Cur leis an mbeartaíocht forfheidhmiúcháin agus leis na smachtbhannaí a ghearrtar i ndáil le sciúradh breosla
  - Cáin nua ar dheoch a mhíslítear le síúcra
  - Feabhas ó thaobh chomhlíonadh dhlí an chánachais
- 

Deimhniú gur ar mhaithe leis an leas is fearr ag muintir na hÉireann a bhainfidh an Stát úsáid as na scaireanna a

bhfuil seilbh orthu sna bainc

Ní dhíolfar níos mó ná 25% d'aon bhanc roimh dheireadh na bliana 2018. (móide aon slám beag eile scaireanna a bheadh ag teastáil ón bhfrithgheallaí chun an próiseas díolacháin a thabhairt chun críche)

Iarrfar ar an mBanc Ceannais measúnacht neamhspleách a thabhairt chun críche maidir le leabhair na riaráistí agus leabhair na n-iasachtaí i gcothromas diúltach ag na bancanna

Cuirfear deireadh le Stiúrthóirí nua Leasa Poiblí a cheapadh ar na bainc agus leagan amach nua ar an nós imeachta maidir le stiúrthóirí bainc arna gceapadh ag an Stát, d'fhonn cur le follasacht an phróisis

Coinneofar an ráta 12.5% maidir le Cáin Cuideachta in Éirinn agus oibreofar go tairbheach maidir le haon bhearta ar mhaithe le hathchóiriú cánach idirnáisiúnta ach a ndéantar anailís ghéarchúiseach ar thograí d'fhonn a dhéanamh amach an chun leasa na hÉireann iad go fadtéarmacha.

Oibreofar le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun dul i ngleic le pleanáil cánach ionsaitheach idirnáisiúnta trí thionscnamh an OECD maidir le Creimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis (BEPS).

Déanfar, lena chois sin, monatóireacht ghéar ar mBosca Forbartha Eolais (KDB) a thabhairt isteach sa chaoi is go spreagtar cuideachtaí de chuid na hÉireann agus cuideachtaí ilnáisiúnta araon le forbairt a dhéanamh ar an gcaipiteal eolasbhunaithe in Éirinn.

Laghdófar an ráta Cánach Gnóthachan Caipitil do ghnólachtaí nuathionscanta go dtí 10% ón mbliain 2017 amach (arna choimeád amhlaidh go ceann cúig bliana faoi réir ag uasteorainn €10 milliún de ghnóthachan).

Beifear ag iarraidh ar an Oireachtas leanúint ar aghaidh le deireadh a chur de réir a chéile le USC mar chuid de phlean níos leithne maidir le hathchóiriú meántéarmach ar an gcáin ioncaim - atá le foilsiú faoi mhí Lúil maidir le comhairliúchán leis an gCoiste Oireachtais um Airgeadas agus le faomhadh ag an Oireachtas i mí Dheireadh Fómhair - d'fhonn an bonn cánach a choinneáil leathan, rátaí iomarcacha cánach don lucht meánioncaim a ísliú, agus srian a chur leis na buntáistí don lucht ardioncaim. Tabharfar laghduithe isteach ar bhonn cothrom agus ar an lucht ísealioncaim agus meánioncaim a bheidh an bhéim.

Ardófar, i gcomhar leis an Oireachtas, an Creidmheas Cánach Ioncaim Thuille do dhaoine féinfhostaithe ó €550 go dtí €1,650 ionas go mbíonn ar chomhchéim leis an gcreidmheas ÍMAT faoin mbliain 2018.

Scrúdófar na sásraí faoina bhféadfadh comhlachtaí beaga agus meánmhéide scair-roghanna a thabhairt mar luach saothair d'fhostaithe príomhthábhachta ar bhealach a bheadh éifeachtach ó thaobh cánach.

Féachfar le réimeas cánach a chur ar fáil a chuireann bonn faoi lucht fiontraíochta agus faoi dhaoine féinfhostaithe.

Ardófar, i gcomhar leis an Oireachtas, an Díolúine maidir le Sochair Bheaga (dearbhan) ó €500 go dtí €650, atá cothrom a bheag nó a mhór le pá seachtaine ag an té atá ar an meánphá tionsclaíochta.

Oibreofar i gcomhar leis an Oireachtas chun Tairseach Bhanda A maidir le Cáin Fháltais Chaipitiúil (lena n-áirítear gach saghas bronntanais agus oidhreacht a thuismitheoirí chuig a leanaí) a ardú go dtí €500,000.

Féachfar le leas a bhaint as cistí caipitil agus reatha an Rialtais mar aon le bearta cánachais agus rialála chun infheistíocht bhreise phríobháideach a ghairáil i réimsí ina bhfuil easnamh mór bonneagair le sárú, ar a n-áirítear cúram cónaithe, tithíocht, iompar réigiúnach agus oideachas tríú leibhéal.

Gearrfaidh, i gcomhar leis an Oireachtas agus ar mhaithe le poist a chosaint, ÁSPC an Fhostóra i ndáil le hoibrithe ísealioncaim ionas go maolaítear an costas a ghabhann le hardú ar an íosphá.

Tuigtear na deacrachtaí atá le sárú ag grúpaí pobail i dtaca le CBL ar tháirgí áirithe (e.g. dífhibrileoirí). Cé gur cúram de chuid an AE atá i gceist, oibreofar leis na comhpháirtithe san AE féachaint le leasú a thabhairt i bhfeidhm maidir leis an réimse sin.

Tuigtear na deacrachtaí atá le sárú ag grúpaí pobail agus deonacha i dtaca le rátaí VRT ar fheithiclí. Táthar tugtha d'fhiosrú a dhéanamh maidir leis an gcás.

Coinneofar an faoiseamh cánach trí bliana do ghnólachtaí nuathionscanta áirithe ar bun go dtí deireadh na

bliana 2018. Is tábhachtach an cúnamh sin do lucht fiontraíochta agus maidir le fostaíocht a chruthú go háitiúil.

---

Tabharfar múnla nua chun cinn maidir le 'baincéireacht pobail' trína iarraidh ar An Post agus ar Chonradh na hÉireann de Chomhair Chreidmheasa, chomh maith le geallsealbhóirí leasmhara eile, fiosrú a dhéanamh agus samhail nua de chóras baincéireachta pobail a mholadh ionas go mbeadh sraith de sheirbhísí baincéireachta á chur ar fáil trí chraobhchóras fairsing na nOifigí Poist. D'fhéadfadh sin a bheith bunaithe ar mhacasamhail Kiwibank na Nua-Shéalainne ina gcuireann an banc, atá faoi úinéireacht Oifig an Phoist, sraith chuimsitheach de sheirbhísí airgeadais ar fáil, idir iasachtaí pearsanta agus cuntais bainc agus cártaí creidmheasa, baincéireacht gnó, agus árachas. Déanfaimid fiosrú cuimsitheach ar mhacasamhail Sparkassen na Gearmáine maidir le bainc poiblí áitiúla a fhorbairt a oibríonn i réigiúin shonracha faoi leith

---

Tabharfar straitéis chun cinn i dtaca le forás agus forbairt a thabhairt ar earnáil na gcomhar creidmheasa. Táthar tugtha chomh maith dá chinntiú go mbíonn tairbhe ag na comhair chreidmheasa tairbhe as bonn rialála, ionas go dtéitear i ngleic le riachtanais geilleagair atá faoi athrú.

---

Cuidiú le comhair chreidmheasa chun iarratais rathúla a dhéanamh maidir le coigilteas chomhaltaí a choinneáil nuair a théann sin os cionn €100,000 (CP88), le haird ar neamhspleáchas Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa

---

Iarraidh ar an mBanc Ceannais tús a chur le hathbhreithniú ar oiriúnacht leanúnach na teorann coigiltis laistigh de bhliain de bhunú an Rialtais Comhpháirtíochta nua

---

Oibriú i gcomhar le Cláraitheoir na gComhar Creidmheasa sa Bhanc Ceannais chun deireadh a chur de réir a chéile, agus de réir mar is cuí, leis na srianta reatha ar iasachtaí, iasachtaí a bhaineann le tithíocht san áireamh

---

Athrú na gComhar Creidmheasa go mbíonn níos mó seirbhísí leictreonacha agus seribhísí ar líne á gcur ar fáil acu, cártaí dochair san áireamh chomh maith le forfheabhsú ar na seirbhísí baincéireachta ar líne

---

Iarraidh ar Choiste Comhairleach na gComhar Creidmheasa (CUAC) athbhreithniú a dhéanamh, agus tuarascáil a thabhairt faoi dheireadh Mheithimh 2016, ar chur i bhfeidhm na moltaí a leagtar amach i dTuarascáil Choimisiún na gComhar Creidmheasa

---

Is den bhunriachtanas ag gnólachtaí áitiúla agus ag gnólachtaí nuathionscanta teacht a bheith acu ar airgead ionas gur féidir dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh acmhainne agus scála. Chun sin a bhaint amach, tá gá le soláthar €1 billiún in aghaidh na bliana ó fhoinsí nua airgeadais chun cur leis an ngnáthsholáthar a thairgíonn bainc do chomhlachtaí beaga agus meánmhéide. Le sprioc chomh hardaidhmeach sin, beidh gá le meascán foinsí, iad seo a leanas ina measc:

- 1 Cineálacha nua cothromais
  - 2 Babhtaí infheistíochta meánmhéide
  - 3 Airgead forbartha do sheirbhísí déantúsaíochta agus idirnáisiúnta
  - 4 Córais de chineálacha nua maidir le hairgeadas easpórtála agus trádála
  - 5 Iasachtaí idir comhlachtaí comhchéime
- 

Scrúdófar bealaí ina bhféadfaí leas a bhaint as ionstraimí cánachais agus dreasachtaí eile chun bonn a chur faoi infheistíocht a dhéanann dochtúirí teaghlaigh, fiaclóirí agus lucht gairme eile in ionaid don chúram príomhúil, i gcúrsaí teicneolaíochta agus i bhforbairt a gcuid seirbhísí.

---

Cuideofar le tuismitheoirí a roghnaíonn fanacht sa bhaile le haire a thabhairt dá gcuid leanaí (le Creidmheas na gCúramóirí Baile a ardú).

---

Féachfar le bealaí dreasachta nua a aimsiú chun infheistíocht i dtithe altranais príobháideacha agus socruithe de chineálacha nua maidir le maireachtáil le tacaíocht/cúnamh a spreagadh. Tiocfaidh san áireamh leis seo oibriú i gcomhar leis an gCiste Infheistíochta Straitéiseach chun soláthar do chistíocht iasachta maidir le roghanna nua

cónaithe sa bhreis.

---

---

Athrú straitéiseach ar an gcóras cánach chun treisiú le hioncam feirme agus le so-aistritheacht talún.

---

---

Bainc taobh istigh agus taobh amuigh den Stát, Banc Infheistíocht na hEorpa san áireamh, a spreagadh le rátaí iomaíochta a chur ar fáil d'fheirmeoirí agus roghanna aisíocaíochta a thairiscint atá in oiriúint d'ioncam feirme (ar an tairbhe a thabhairt san áireamh a thioctaidh ó tháirgí airgeadais nua, de leithéid an Chiste Lúbtha Baine, a thabhairt chun cinn agus oibriú i gcomhar le hearnáil na tionsclaíochta agus na baincéireachta chun breis táirgí caomhchóirithe a spreagadh a d'fhágfadh seirbhísí baincéireachta níos inacmhainne ag feirmeoirí)

---

---

Spreagfar teacht a bheith go leanúnach faoi Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (SBCI), a bhfuil an EIB ar cheann de na comhpháirtithe cistíochta aige, ar théarmaí fabhracha maidir le hinfheistíocht i dtalmhaíocht phríomhúil, sa phróiseáil agus sa mhargaíocht. Oibreofar le hearnáil na talmhaíochta agus an bhia agus le tionscal na seirbhísí airgeadais lena chinntiú go ndéantar táirgí airgeadais a fhorbairt d'earnálacha uile na feirmeoireachta ar fud an tionscail

---

---

Beidh Rialtas nua tugtha d'úsáid straitéiseach a bhaint as an gcóras cánach chun aistriú talún níos éasca, breis táirgiúlachta agus brabúsacht níos fearr a spreagadh ar leibhéal na feirme. Déanfar léasáil talún, comhpháirtíocht agus bearta maidir le haistriú a thabhairt chun cinn ionas go gcinntítear bonn treise faoin gcéad ghlúin eile feirmeoirí agus forbairt straitéiseach á thabhairt ar an earnáil ar mhaithe le forás san am atá le theacht. Déanfar freisin bearta cánachais a scrúdú a bheadh dírithe ar chuidiú le feirmeoirí le linn tréimhsí corraitheacha.

---

---

Tar éis scrúdú a dhéanamh ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta i dtíortha eile, cuirfear tuarascáil faoi bhráid an Rialtais nua i mí Bealtaine 2016 maidir leis an mbealach is éifeachtaí inar féidir a chinntiú go bhféadann gach teaghlach agus gnóthas sa tír árachas in aghaidh damáiste ó thuilte a fháil sa chás go bhfuil infheistíocht déanta ag an Stát cheana féin i mbearta cosanta indeimhnithe in aghaidh tuilte a thagann leis na caighdeáin idirnáisiúnta is fearr.

---


---

Déanfar athbhreithniú ar Thionscnamh na Cathrach Beo agus ar na coinníollacha a bhaineann le méid na n-áitreabh, d'fhonn cur le tarraingteacht na scéime, a mbeidh tairbhe aisti maidir leis an oidhreacht foirgníochta agus le limistéir uirbeacha a athbheochan.

---

---





Tithe an Rialtais  
Sráid Mhuirfean Uacht  
Baile Átha Cliath 2 D02  
R583  
Éire

Government  
Buildings, Upper  
Merrion Street  
Dublin 2  
D02 R583  
Ireland

T: +353 1 676 7571  
F: +353 1 678 9936  
[www.finance.gov.ie](http://www.finance.gov.ie)